**RABHADH**

**Caithfear an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

## DÉ CÉADAOIN, 23 MEITHEAMH 2010, MAIDIN 9.30 – 12.00

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid I agus **ceithre** cheist as Cuid II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid I.

**CUID I (120 marc)**

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**CUID II (200 marc)**


Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I gCUID II A FHREAGAIRT.**

# CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** Sna spásanna atá curtha ar fáil, comhlánaigh an slabhra bia seo a leanas:




**2.** Is é atá san eacnamaíocht ná an eolaíocht a bhaineann le leithdháileadh acmhainní __________ ___________________. Ar an margadh ______________, idirfheidhmíonn an t-éileamh ar acmhainní ó ghnólachtaí leis an soláthar acmhainní ó_____________ chun praghsanna na dtosca táirgthe a chinneadh.

**3.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht eacnamaíochta d'fheirmeoirí na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cáin charbóin a ghearradh ar bhreoslaí iontaise:

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**4.** Is tomhas í an Olltáirgeacht Intíre (OTI) ar ______________________________________________

______________________________________________

**5.** Luaigh **dhá** athróg**, seachas praghas**, a théann i bhfeidhm ar an gcainníocht a éilítear ar tháirge talmhaíochta:

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**6.** Tuairiscíodh sa Suirbhé Náisiúnta Feirme gur tháinig laghdú 13.7% ar ioncam feirme idir 2007 agus 2008. Luaigh **dhá chúis** leis an laghdú sin:

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**7.** Agus **sampla ábhartha** á úsáid agat, tabhair breac-chuntas ar chúis eacnamaíochta **amháin** le hidirghabháil rialtais sa talmhaíocht:

______________________________________________

______________________________________________

**8.** Sna spásanna atá curtha ar fáil, déan na hionchuir seo a leanas a rangú mar **ionchur tosca** nó mar **ionchur idirmheánach**:

| Ionchur | Rangú | Ionchur | Rangú |
|---|---|---|---|
| Beathú | | Saothar | |
| Foirgnimh | | Breosla agus ola | |

**9.** Luaigh **dhá thréith** a bhaineann le talmhaíocht na hÉireann a d'fhéadfadh teorainn a chur le héifeachtacht na margaíochta:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**10.** Sa spás atá curtha ar fáil, luaigh an fhoirmle a úsáidtear chun **luach láithreach (PV)** €20,000 a bheidh infhaighte i gceann 7 mbliana ag ráta lascaine de 5% a ríomh (bain úsáid as na figiúirí a thugtar).

Luach Láithreach (PV) = [ ]

**11.** Mínigh an téarma 'ionadú allmhairí', agus **úsáid á baint agat as sampla** ó thionscal bia na hÉireann:

______________________________

______________________________

**12.** Luaigh **dhá réamhchúram** a d'fhéadfadh feirmeoir a dhéanamh chun an éiginnteacht is lú is féidir maidir lena (h)ioncam sa todhchaí a chinntiú:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**13**. Tá trasleaisteachas an tsoláthair dearfach i gcás comhtháirgí. Mínigh an ráiteas sin.

______________________________

______________________________

**14.** I dteoiric na táirgeachta, déan idirdhealú idir an meántáirge agus an táirge teorannach:

Meántáirge:______________________________

Táirge teorannach: ______________________________

**15.** Luaigh **dhá thréith** a bhaineann le margadh lániomaíoch:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**16.** Ba é cóimheas an fhiachais leis an nglanfhiúchas i gcás feirme in 2009 ná 0.18. Is é is ciall leis sin ná

______________________________

**17.** Luaigh **dhá** phíosa eolais a d'fhéadfadh banc a iarraidh ar fheirmeoir sula dtabharfaí iasacht dó/di:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**18.** Mínigh an téarma 'achar feirme coigeartaithe' mar thomhas ar chainníocht talún:

______________________________

______________________________

**19.** Luaigh **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta a bhaineann le feirmeoirí a bheith ag socrú feirmeoireacht a dhéanamh i gcomhar le chéile (e.g. comhaontuithe comhpháirtíochta déiríochta):

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**20.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá chuspóir** atá leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CAP) a leagadh síos ar dtús faoi Alt 39 de Chonradh na Róimhe:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid II a fhreagairt.**

# Cuid II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**1.** **(a)** Agus úsáid á baint agat as feirm churaíochta mar shampla, déan idirdhealú idir *aschur talmhaíochta* agus *táirgeacht talmhaíochta*.

**(b)** Tugann Tábla 1 sonraí maidir le hioncam agus caiteachas feirme in Éirinn.

| **Tábla 1: figiúirí maidir le hioncam agus caiteachas feirme in Éirinn** | |
|---|---|
| | € milliún |
| Oll-aschur Talmhaíochta | 5,875 |
| Ábhair agus Seirbhísí | 4,506 |
| Tobhaigh | 87 |
| Tuarastal agus Pá | 452 |
| Íocaíochtaí Díreacha | 1,895 |
| Dímheas | 768 |
| Íocaíochtaí Úis | 542 |

Agus úsáid á baint agat as na sonraí i dTábla 1, ríomh iad seo a leanas (**taispeáin do chuid oibre ar fad**):

- **(i)** Olltáirge Talmhaíochta ar Phraghsanna an Mhargaidh;
- **(ii)** Olltáirge Talmhaíochta ar Thoisc-Chostas;
- **(iii)** Glantáirge Talmhaíochta ar Thoisc-Chostas;
- **(iv)** Ioncam Feirm Teaghlaigh na Feirme Náisiúnta.

**(c)** Agus ioncaim feirmeoirí agus ioncam grúpaí eile sa tsochaí á gcur i gcomparáid le chéile agat, pléigh na deacrachtaí a eascraíonn maidir le tomhas cruinn a dhéanamh ar ioncam feirme.

**[50 marc]**


**2.** Déan idirdhealú idir na míreanna i n**gach** ceann de na péirí seo a leanas agus tagairt agat do thalmhaíocht na hÉireann:

- **(a)** Cuntais lánfheirme agus cuntais chostas fiontair;
- **(b)** Costas seasta agus deischostas;
- **(c)** Iasacht théarmach agus léasú;
- **(d)** Páirtbhuiséad agus buiséad caipitiúil.

**[50 marc]**

**3.** Seasann Fíor 1 thíos do mhargadh déiríochta na hÉireann, seasann $D_1D_1$ d'éileamh an mhargaidh agus seasann $S_1S_1$ d sholáthar an mhargaidh.

**Fíor 1: Margadh déiríochta na hÉireann**




**(a)** Cóipeáil Fíor 1 i do fhreagarleabhar agus,

**(i)** Ríomh an t-ioncam iomlán a ghintear nuair a bhíonn an margadh i gcothromaíocht, ag glacadh leis go bhfuil luach 34 cent ar $P_1$ agus luach 5,500 milliún lítear ar $Q_1$.

**(ii)** Taispeáin ar an léaráid atá tarraingthe agat an tionchar a bheadh ag méadú suntasach ar chostais leasacháin ar an bpraghas cothromaíochta agus ar an gcainníocht bainne. Mínigh do fhreagra.

**(b)** Cóipeáil Fíor 1 i do fhreagarleabhar arís agus,

**(i)** Ag glacadh leis go leagann an tAE síos buaicphraghas ar bhainne os cionn **an chéad** phraghas cothromaíochta, taispeáin ar an léaráid atá tarraingthe agat cad a tharlóidh sa mhargadh. Mínigh do fhreagra.

**(ii)** Agus sampla á thabhairt agat, tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh an tAE aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo.

**[50 marc]**

**4.** "Gné den pholasaí talmhaíochta nua-aimseartha atá ag éirí níos tábhachtaí i rith an ama is ea cosaint na timpeallachta. Ní mór anois raon de cheangaltais idirnáisiúnta, de Threoracha AE agus de reachtaíocht náisiúnta i dtaca leis an timpeallacht a chur san áireamh."

(Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, "Athbhreithniú Bliantúil agus Réamh-mheas ar an Talmhaíocht, Iascach agus Bia, 2008-09", lch 75)

Mínigh conas a chuireann **gach ceann** de na forbairtí seo a leanas le cosaint na timpeallachta:

**(a)** Aoníocaíocht Feirme (SFP) agus Tras-chomhlíonadh;

(b) Scéim Chosanta na Timpeallacht Tuaithe (REPS);

**(c)** An Treoir um Níotráití.

**[50 marc]**

**5.** I dTábla 2 tugtar margadhphraghas na cruithneachta agus an chainníocht cruithneachta a tháirgtear ag gach praghas.

| **Tábla 2: Sceideal soláthair na cruithneachta** | |
|---|---|
| Praghas na cruithneachta | Cainníocht na cruithneachta a tháirgtear |
| € an tonna | Tonnaí sa bhliain ('000) |
| 90 | 120 |
| 100 | 150 |
| 110 | 190 |
| 120 | 210 |
| 130 | 210 |

**(a)** Agus úsáid á baint agat as na sonraí a thugtar i dTábla 2:

**(i)** Tarraing cuar soláthair don chruithneacht;

**(ii)** Ríomh praghasleaisteachas an tsoláthair don chruithneacht de réir mar a athraíonn an praghas ó €100 go dtí €110 in aghaidh an tonna;

**(iii)** An bhfuil an toradh a aimsíodh ag **(ii)** thuas leaisteach nó neamhleaisteach? Mínigh do fhreagra.

**(b)** Agus úsáid á baint agat as sampla talmhaíochta, mínigh conas a d'fhéadfadh praghasleaisteachas an tsoláthair athrú do tháirge:

**(i)** de réir a ghaire dá chéile is atá fiontair iomaíocha ar an bhfeirm;

**NÓ**

**(ii)** de réir an achair ama ina ligtear don soláthar coigeartú ar an bhfeirm.

**[50 marc]**

**6.** **(a)** Mínigh cén fáth ar ceist thábhachtach eacnamaíochta í 'inaistritheacht acmhainne'.

**(b)** Agus tagairt agat do threochtaí reatha i dtalmhaíocht na hÉireann, tabhair breac-chuntas ar na tosca a théann i bhfeidhm ar **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** Inaistritheacht saothair sa talmhaíocht;

**(ii)** Inaistritheacht talún sa talmhaíocht;

**(iii)** Inaistritheacht caipitil sa talmhaíocht.

**[50 marc]**

Leathanach Bán

Leathanach Bán